**RABHADH**
**Ní MÓR duit an ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo:** ☞

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2010

# Gnó – Ardleibhéal

**(400 marc)**

**DÉ MÁIRT, 15 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 5.00**

**NÍ MÓR d'IARRTHÓIRÍ NA CEISTEANNA SEO A FHREAGAIRT:**

**(A)** **Ocht gceist as ROINN 1**

**AGUS**

**(B)** **An Cheist ar an nGnó Feidhmeach i ROINN 2**

**AGUS**

**(C)** **Ceithre cheist as ROINN 3 mar a leanas:**
**Ceist amháin as Cuid 1,**
**dhá cheist as Cuid 2**
**agus ceist amháin eile as Cuid 1 nó as Cuid 2.**
**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

| C | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| Iomlán | |

**Tabhair faoi deara, le do thoil, dáileadh na marcanna ar na ceisteanna.**
**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**
**Déanamh agus Sórt an áireamháin a úsáideadh.**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR INA mBEIDH NA FREAGRAÍ AR ROINN 2 agus ROINN 3**

# ROINN 1
**(80 marc)**
# CEISTEANNA GEARRFHREAGRA

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt. Freagair ocht gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

**Ná déan dearmad an ceistpháipéar seo a chur ar ais in éineacht le do fhreagarleabhar.**

**1.** **(a)** Léirigh do thuiscint ar an téarma '*Gnólacht dúchasach*'.

**(b)** Luaigh **dhá** bhuntáiste do gheilleagar na hÉireann a bhaineann le cur chun cinn '*Gnólachtaí dúchasacha*'.

**(i)**

**(ii)**

**2.** Déan idirdhealú idir '*Forbairt Fréamhshamhla*' agus '*Margaíocht Tástála*' mar chéimeanna i bpróiseas forbartha táirge nua.

**3.** **(a)** Mínigh cad a chiallaíonn an téarma '*Ráta malairte*'.

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** ní a mbeidh tionchar acu ar Lucht Onnmhairithe na hÉireann i gcás mhargadh na Ríochta Aontaithe (RA), má ardaíonn luach an euro (€) i gcoibhneas le punt steirling (£) na RA

**(i)**

**(ii)**

**4.** Liosta d'Institiúidí an AE atá i g**Colún 1**. Liosta de mhínithe a d'fhéadfaí a thabhairt ar na hinstitiúidí seo atá i g**Colún 2.** *(Tá míniú amháin ann nach féidir a mheaitseáil le hinstitiúid ar bith díobh.)*

| **Colún 1 – Téarmaí** | **Colún 2 – Mínithe** |
|---|---|
| **1.** Parlaimint na hEorpa | **A.** Leagann amach moltaí le haghaidh dlíthe nua de chuid an AE. |
| **2.** Coimisiún na hEorpa | **B.** An comhlacht cinnteoireachta is tábhachtaí san AE. |
| **3.** An Chúirt Bhreithiúnais Eorpach | **C** Déanann deimhin de go gcaitear buiséad an AE go héifeachtach. |
| **4.** Cúirt na nIniúchóirí | **D.** Freagrach as a chinntiú go bhfuil an tuiscint cheart á baint as dlíthe an AE, agus go bhfuil siad á gcur i bhfeidhm mar is ceart ag na ballstáit. |
| **5.** Comhairle an Aontais Eorpaigh (Comhairle na nAirí) | **E.** Freagrach as bainistiú airgeadra an euro agus as polasaí airgeadaíochta an AE. |
| | **F.** Tofa go díreach ag saoránaigh an AE. |

Déan an dá liosta a mheaitseáil. Cuir an litir a bhaineann leis an míniú ceart faoin uimhir chuí thíos.

| **1** | **2** | **3** | **4** | **5** |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

**5.** **(a)** Tabhair breac-chuntas ar chuspóir '*Airteagail Chomhlachais*' comhlachta.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**(b)** Liostaigh **trí** mhír eolais a fhaightear sna 'h*Airteagail Chomhlachais*'.

**(i)** ______________________________________________

**(ii)** ______________________________________________


**(iii)** ______________________________________________

**6.** Déan staidéar ar an gcairt mheá ar mheá thíos agus freagair na ceisteanna a leanas sa Bhosca Freagraí.

**(i)** **An Pointe Meá ar Mheá** (PMM) ina aonaid agus ina euro.

**(ii)** An **Brabús** ar Dhíolacháin Thuartha (10,000 aonad) ina euro.

**(iii)** **Lamháil Sábháilteachta** (LS) in aonaid.




Bosca Freagraí

| | |
|---|---|
| PMM ina aonaid **agus** ina euro | Aonaid: _________<br>€ |
| Brabús ar Dhíolacháin Thuartha ina euro | € |
| Lamháil sábháilteachta ina haonaid | Aonaid:__________ |

**7.** Léirigh an difríocht atá idir na prionsabail árachais 'Leas Inárachais' agus 'Slánaíocht'.

**(a)** Is é is Leas Inárachais ann ná:

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**(b)** Is é is Slánaíocht ann ná:

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**8.** Déan idirdhealú idir *Cuóta* agus *Taraif* mar **bhacainní** saorthrádála idir thíortha.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**9.** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** bhonn le dífhostú **cóir** faoi théarmaí an Achta um Dhífhostú Éagórach 1977/93.

**(i)** ____________________

____________________

**(ii)** ____________________

____________________

**(iii)** ____________________

____________________

**10.** **(a)** Ó na figiúirí seo a leanas ríomh glanphá Hazel Ní Dhoinn.

Ollphá €50,000, Creidmheasanna Cánach €6,000

Ráta Caighdeánach Cánach 20%

An tArdráta Cánach 41%

Scoithphointe €36,400

| **Oibrithe** |
| --- |
| |

**(b)** Luaigh **dhá** chreidmheas cánach a bhféadfadh duine a bheith i dteideal iad a fháil.

**(i)** ____________________

**(ii)** ____________________

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR INA mBEIDH NA FREAGRAÍ AR ROINN 2 agus ROINN 3**

# ROINN 2

**(80 marc)**

**Ceist éigeantach í seo bunaithe ar na hAonaid 2, 3, agus 4**

# Ceist ar an nGnó Feidhmeach

**Óstán agus Ionad Comhdhála an Chaisleáin Thiar**



Bhunaigh Máire Ní Chuilinn Óstán agus Ionad Comhdhála an Chaisleáin Thiar i 1994. Tar éis di bheith ag obair i bpoist shinsearacha bhainistíochta san earnáil fáilte le blianta fada d'aithin Máire go raibh deis sa mhargadh áitiúil le haghaidh óstáin a chuirfeadh caighdeán ard seirbhíse agus compoird ar fáil, agus ina mbeadh luach a gcuid airgid le fail ag custaiméirí. Suite in iarthar na tíre, tá clú agus cáil ar Óstán agus Ionad Comhdhála an Chaisleáin Thiar mar gheall ar an tseirbhís phearsanta agus phroifisiúnta a sholáthraíonn siad do lucht saoire, do lucht gnó agus dóibh siúd a bhuaileann isteach. Sna léirmheasanna neamhspleácha a dhéantar ar líne ar an óstán, moltar foireann an óstáin go leanúnach as bheith an-chabhrach agus an-chairdiúil. Rinneadh athmhaisiú iomlán ar an óstán in 2005, méadaíodh é agus cuireadh Ionad Comhdhála úrscothach leis.

Rinneadh infheistiú tábhachtach i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) san óstán le blianta beaga anuas. D'athchóirigh an Bainisteoir Margaíochta, Pádraig de Buitléir, an suíomh gréasáin ionas gur féidir áit a chur in áirithe ar líne, agus soláthraíonn sé seo bunachar sonraí custaiméirí freisin. Tá fáil ar Wi-Fi (rochtain idirlín) saor in aisce ar fud an óstáin fad is atá na háiseanna fís agus fuaim-chomhdhála is déanaí i bhfearas san Ionad Comhdhála. Baintear leas as an teicneolaíocht i ngnóthaí laethúla an óstáin, idir ordú stoic agus bhainistiú chuntais an óstáin.

Baineann Máire leas as cur chuige teagmhálach ina ról mar Bhainisteoir Ginearálta agus is féidir í a fheiceáil gach lá ag siúl timpeall an óstáin, í ag caint leis an bhfoireann agus le custaiméirí, ag fáil aiseolais. D'ainneoin na n-uaireanta fada a oibríonn sí, tá sí ina huachtarán ar an gComhlachas Tráchtála áitiúil chomh maith. Baineann Judy Ní Bhriain, an Bainisteoir Cúnta, úsáid as inlíon an óstáin chun tuarascáil nua a thabhairt do gach ball den fhoireann in aghaidh na seachtaine ar fheidhmíocht an óstáin. Chomh maith leis sin, tá scéim dheonach moltaí forbartha aici agus spreagtar an fhoireann le smaointe nuálacha a chuirfeadh feabhas ar chúrsaí an óstáin a nochtadh. Bronntar luach saothair ar na baill foirne as sin a dhéanamh. Le déanaí, ainmníodh Dylan Jones, an Príomh-Chócaire, mar "Fostaí na Míosa", toisc gur thug sé isteach biachlár 'Beir leat do Lón', atá tar éis díolacháin na lón laethúil a mhéadú.

Tá líon na n-áirithintí agus na ndíolachán tar éis titim le hocht mí dhéag anuas, os rud é go bhfuil daoine aonair agus gnólachtaí tar éis gearradh siar ar chaiteachas. Tá rátaí na n-óstán laghdaithe chun níos mó gnó a mhealladh agus tá réimse de bhearta costchiorraithe tugtha isteach, agus dúnadh an t-óstán féin i rith mhí Eanáir. Beidh gá lena thuilleadh ciorruithe chun a chinntiú go mbeidh an gnó inmharthanach agus rathúil i gcónaí.

**(A)** **(i)** Mínigh an téarma '**infhiontraí**'.

**(ii)** Léirigh, ag baint úsáide duit as samplaí ón téacs thuas, conas a théann '**infhiontraíocht**' chun sochair Óstán agus Ionad Comhdhála an Chaisleáin Thiar.

(20 marc)

**(B)** Déan plé ar an tionchar atá ag an infheistíocht sa teicneolaíocht ar Óstán agus Ionad Comhdhála an Chaisleáin Thiar. Déan tagairt don téacs thuas i do fhreagra. (30 marc)

**(C)** Déan measúnú ar conas is féidir le Máire a scileanna bainistíochta a úsáid chun rath a hóstáin a chinntiú sa todhchaí. Déan tagairt don téacs thuas i do fhreagra. (30 marc)

**(80 marc)**

# ROINN 3
**(240 marc)**

**Freagair ceithre cheist as Roinn 3 mar a leanas:**
**Freagair ceist amháin as Cuid 1, dhá cheist as Cuid 2 agus ceist amháin eile as Cuid 1 nó as Cuid 2.**
**Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

# Cuid 1
# Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Ghnó

## Daoine sa Ghnó

### Ceist 1

*Is é an cuspóir atá ag an Acht Caidrimh Thionscail, 1990 ná creatlach níos fearr a chur i bhfeidhm chun an caidreamh tionscail a riar agus chun aighnis cheirde a réiteach.*

**(A)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar an tionchar atá ag príomhfhorálacha an Achta Caidrimh Tionscail, 1990 ar cheardchumainn.
**(ii)** Déan cur síos ar **dhá** shaghas gníomhaíochta tionsclaíche oifigiúla is féidir le ceardchumann a dhéanamh mar chuid d'aighneas trádála.

(30 marc)

**(B)** Déan ról **gach** ceann díobh seo a leanas a mheas mar chosantóirí tomhaltóirí:
**(i)** An Chúirt Mhionéileamh;
**(ii)** Oifig an Ombudsman do na Seirbhísí Poiblí.

(20 marc)

**(C)** Maidir le Dlí na gConarthaí, léirigh do thuiscint ar *Inniúlacht Chonraithe*. (10 marc)

**(60 marc)**

## Timpeallacht Intíre

### Ceist 2

*Bíonn súil ag custaiméirí na laethanta seo go dtaispeánfaidh gnólachtaí go bhfuil meas acu ar an timpeallacht nádúrtha.*

**(A)** Léirigh tréithe gnólachta a bhfuil meas ceart aige ar an timpeallacht.

(20 marc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar na cúiseanna a n-athródh gnólacht a struchtúr eagraíochta ó "*Trádálaí Aonair*" go "*Comhlacht Príobháideach Tta*".

(20 marc)

**(C)** Déan plé ar na slite éagsúla a dtéann Rialtas na hÉireann i bhfeidhm ar an lucht saothair in Éirinn. (20 marc)

**(60 marc)**

## An Timpeallacht Idirnáisiúnta

### Ceist 3

*Áirítear go bhfuil Éire ar an tríú náisiún is mó atá domhandaithe i ndiaidh Singeapóir agus Hong Cong.*

**(A)** **(i)** Mínigh cad a chiallaíonn an téarma 'Geilleagar Oscailte'.
**(ii)** Léirigh do thuiscint ar na téarmaí 'Comhardú na Trádála' **agus** 'Comhardú na nÍocaíochtaí'.
(20 marc)

**(B)** Déan anailís ar conas atá treochtaí malartacha sa gheilleagar idirnáisiúnta tar éis dul i bhfeidhm ar ghnólachtaí Éireannacha. (20 marc)

**(C)** Déan plé ar an tábhacht atá ag aon **dá** cheann de pholasaithe seo an AE d'Éirinn:
**(i)** An Comhbheartas Iomaíochta;
**(ii)** An Comhbheartas Iascaireachta (CI);
**(iii)** An Comhbheartas Talmhaíochta (CT).
(20 marc)

**(60 marc)**

# ROINN 3
## Cuid 2
## Fiontraíocht

**Fiontraíocht / Bainistíocht**

### Ceist 4

**(A)** **(i)** Cad a chiallaíonn an téarma anailís LLDB (*SWOT*)?
**(ii)** Déan anailís LLDB ar ghnó de do rogha.
(Ba cheart **dhá** phointe a bheith san áireamh faoi gach ceannteideal.)

(20 marc)

**(B)** Déan anailís ar an bpáirt is féidir a bheith ag an bpleanáil *straitéiseach* agus ag an bpleanáil *oirbheartaíoch* i mbainistíocht rathúil ghnó. Bain úsáid as samplaí i do fhreagra. (20 marc)

**(C)** Déan plé ar na buntáistí a bhaineann le struchtúr feidhmiúil eagrúcháin a bheith i ngnó. Déan tagairt don *Slabhra Ceannais* **agus** don *Réise Rialúcháin* i do fhreagra. (20 marc)

**(60 marc)**

**Bainistíocht**

### Ceist 5

*Modh fiúntach chun cumarsáid a dhéanamh le fostaithe is ea measúnú feidhmiúcháin agus is féidir go dtreiseodh sé táirgiúlacht gnó in am na deacrachta.*

**(A)** **(i)** Mínigh cad a chiallaíonn an téarma *measúnú feidhmiúcháin*.
**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar an sochar is féidir le gnólacht a bhaint as measúnú feidhmiúcháin.

(20 marc)

**(B)** Ó na figiúirí a thugtar thíos don bhliain **2009 ríomh** iad seo a leanas do CES Tta.:
**(i)** Corrlach an Bhrabúis Ghlain;
**(ii)** An Cóimheas Reatha;
**(iii)** An Cóimheas Fíorthástála;
**(iv)** Cóimheas Fiachas le Cothromas.

| Eolas do 2009 | |
|---|---|
| Díolacháin | **€135,000** |
| Brabús Glan | **€33,750** |
| Sócmhainní Reatha (stoc deiridh san áireamh) | **€84,500** |
| Fiachais Reatha | **€65,000** |
| Stoc Deiridh | **€39,000** |
| Gnáth-Scairchaipiteal | **€300,000** |
| Fiachas Fadtéarma | **€192,000** |
| Tuilleamh Coimeádta | **€20,000** |

| TORTHAÍ 2008 | |
|---|---|
| Corrlach an Bhrabúis Ghlain | **32%** |
| An Cóimheas reatha | **2:1** |
| An Cóimheas fíorthástála | **1.1:1** |
| Cóimheas Fiachas le Cothromas | **0.4:1** |

(20 marc)

**(C)** Déan anailís ar thábhacht na dtreochtaí i rith an dá bhliain (2008/2009) do na páirtithe leasmhara seo a leanas:
**(i)** Infheisteoirí/scairshealbhóirí;
**(i)** Soláthraithe;
**(iii)** Fostaithe.

**NÓTA:** Tá torthaí na bliana **2008** ríofa cheana féin thuas. (20 marc)

**(60 marc)**

**Bainistíocht / Gnó i nGníomh**

**Ceist 6**

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanas.

*Is í Marie Ní Nualláin úinéir "Pizza Marie", bialann piazza rathúil a sholáthraíonn seirbhís seachadadh baile. Tá méadú ar éileamh na mbéilí "beir leat" toisc go bhfuil níos mó daoine ag ithe sa bhaile de dheasca an chúlú eacnamaíochta. Tá Marie ag pleanáil a gnó a fhorbairt trí shaincheadú agus molann a cuntasóir di plean gnó a ullmhú sula dtéann sí ar aghaidh leis.*

**(A)** Déan measúnú ar an saincheadú (sochair agus rioscaí) mar ghléas forbartha don ghnó Pizza.

(20 marc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhainfeadh "Pizza Marie" as plean gnó a ullmhú.

(10 marc)

**(C)** **(i)** Déan plé ar na tosca ar cheart smaoineamh orthu agus duine ag déanamh rogha idir foinsí éagsúla airgeadais.

**(ii)** Déan anailís ar **dhá** fhoinse chuí airgeadais atá ar fáil chun veain seachadta sa bhreis a fháil do "Pizza Marie".

(30 marc)

**(60 marc)**

**Gnó i nGníomh**

**Ceist 7**

*Comhlachtaí a infheistíonn sa mhargaíocht in am na deacrachta is mó bhaineann sochar as nuair a thosaíonn tosca an mhargaidh ag feabhsú.*

**(A)** Déan plé ar na cúiseanna a ndéanann gnólachtaí taighde margaidh.

(15 mharc)

**(B)** Déan measúnú ar "Tionscnamh Díolacháin" agus "Caidreamh Poiblí" mar ghléasanna tionscnaimh.

(20 marc)

**(C)** 'Caitheann a lán gnólachtaí suimeanna móra airgid ag forbairt ainm branda.'
Léirigh na buntáistí a bhronnann an bhrandáil ar an ngnólacht **agus** ar an tomhaltóir.

(25 mharc)
**(60 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR INA mBEIDH NA FREAGRAÍ AR ROINN 2 agus ROINN 3**

Leathanach Bán

Leathanach
Bán